**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile*

**2022/2051(INL)**

10.2.2023

# TUAIRIM

ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Bunreachtúla

Tograí ó Pharlaimint na hEorpa chun na Conarthaí a leasú
(2022/2051(INL))

Rapóirtéir don tuairim: Juan Fernando López Aguilar

(Tionscnamh – Riail 47 de na Rialacha Nós Imeachta)

PA_INL

## MOLTÁÍ

Iarrann an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile ar an gCoiste um Ghnóthaí Bunreachtúla, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

**Saoirsí sibhialta, ceartas agus gnóthaí baile: breithnithe cothrománacha**

1. ag tacú leis na tograí a rinneadh ag seisiún iomlánach na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa ('an Chomhdháil') an 9 Bealtaine 2022 maidir le réimse na saoirsí sibhialta, an cheartais agus na ngnóthaí baile[1]; á athdhearbhú go dtacaíonn sí le hobair leantach chuí ar an gComhdháil, d'fhonn conclúidí na Comhdhála agus ionchais na saoránach a bhaint amach; á iarraidh ar an Aontas seasamh ar bhealach níos córasaí leis an smacht reachta agus leis an daonlathas, cosaint na gceart bunúsach a áirithiú, agus grinnscrúdú a dhéanamh ar urramú na luachanna uile a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE, maidir le haontachas comhaltaí nua agus go leanúnach ar fud bheartais uile an Aontais agus ar fud na mBallstát; á mheabhrú nach mbeadh gá le hathruithe ar an gConradh ach le hathrú reachtach agus/nó le cur chun feidhme níos fearr na reachtaíochta atá ann cheana chun go leor de na bearta a mhol an Chomhdháil a chur chun feidhme go hiomlán;

2. á chur i bhfios go bhfuil glacadh roinnt tograí reachtacha i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais mall nó go bhfuil bac curtha air fiú, in ainneoin an ghéarghá atá le gníomhaíocht; á iarraidh ar an gCoimisiún tógáil ar na staidéir éagsúla a rinne Seirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa a scrúdaíonn an costas a bhaineann le neamhghníomhaíocht ar an leibhéal Eorpach sna réimsí sin[2]; á iarraidh go gcuirfí nósanna imeachta vótála tromlaigh in ionad ceanglais aontoilíochta maidir le reachtaíocht a ghlacadh sna réimsí sin sna Conarthaí, lena n-áirítear chun clásail passerelle a úsáid, agus go mbainfí úsáid chórasach as an ngnáthnós imeachta reachtach, chun feabhas a chur ar acmhainneacht an Aontais chun gníomhú; á mheas, i bhfianaise íogaireacht ar leith na n-ábhar sin, gur cheart go n-áiritheofaí le haon athrú ar na ceanglais vótála sin sa Chomhairle cothromaíocht chóir na 'ualaí vótála' ionas go gcosnófar leasanna na dtíortha beaga;

3. á mheas gur cheart, le haon athruithe ar roinnt na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus na Ballstáit i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais, na prionsabail a chumhdaítear i dTeideal I de CAE a urramú go hiomlán, go háirithe Airteagail 2, 4(2), 4(3), 5 agus 6;

4. á chur i bhfios go láidir gur fheidhmigh an Chomhairle Eorpach Airteagal 68 CFAE mar cheart tionscnaimh *de facto* i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais; á thabhairt chun suntais gur cheart athbhreithniú a dhéanamh ar ghlacadh clár oibríochtúil ilbhliantúil sa réimse sin ag an gComhairle Eorpach gan aon oibleagáid dul i gcomhairle leis an bParlaimint nó leis an gCoimisiún i bhfianaise thionchar an-tromchúiseach na mbeartas sin ar chearta bunúsacha na saoránach; á iarraidh go dtabharfaí an inniúlacht

[1] Go háirithe na tograí seo a leanas: 22, 25, 26, 27, 28, 29, 31, 34, 36, 37, 38, 39, 40, 41, 42, 43, 44 agus 45.
[2] Chun forléargas a fháil, féach https://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/BRIE/2019/631730/EPRS_BRI(2019)631730_EN.pdf.

sin don Pharlaimint agus don Chomhairle ar théarmaí comhionanna;

**An daonlathas, an smacht reachta agus cosaint na gceart bunúsach**

5. á chur i bhfios go raibh príomhionstraim pholaitiúil an Aontais chun dul i ngleic le bagairtí agus sáruithe córasacha ar an smacht reachta sna Ballstáit agus le hiad a aisiompú, Airteagal 7 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), neamhéifeachtach go dtí seo toisc go bhfuil staid an smachta reachta tar éis dul in olcas ó ghníomhachtú an nós imeachta i ndáil leis an bPolainn agus leis an Ungáir araon;[3] á mheas, dá bhrí sin, gur gá Airteagal 7 CAE a athchóiriú mar seo a leanas: tairseacha vótála na Comhairle d'Airteagal 7(1) CAE a athrú ó thromlach ceithre chúigiú go vótáil trí thromlach cáilithe, agus deireadh a chur leis an gceanglas aontoilíochta in Airteagal 7(2) CAE; a chur de cheangal ar an gComhairle cuireadh a thabhairt d'ionadaí ón gcomhlacht a thíolaic an togra réasúnaithe é a thíolacadh, chun an institiúid a ghníomhachtaíonn Airteagal 7(1) CAE[4] a chur ar an eolas go hiomlán agus go pras ag gach céim den nós imeachta, dhá éisteacht ar a laghad a eagrú do gach tír lena mbaineann in aghaidh na leathbhliana ar bhealach rialta, struchtúrtha agus oscailte agus moltaí tír-shonracha a dhréachtú agus meastóireacht a dhéanamh ar a gcur chun feidhme faoi Airteagal 7(1) CAE; ról a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Choimisiún Eorpach modúlachtaí a dhréachtú le haghaidh éisteachtaí 7(1) CAE[5]; a chur ar chumas Pharlaimint na hEorpa Airteagal 7(2) CAE a ghníomhachtú; a léiriú go ndéanfaidh na Ballstáit, an Coimisiún agus an Pharlaimint breithniú ar Airteagal 7(2) CAE a ghníomhachtú má mhaireann an nós imeachta faoi Airteagal 7(1) CAE níos faide ná cúig bliana; na cearta a eascraíonn as cur i bhfeidhm na gConarthaí a shonrú tuilleadh, ar cearta iad a fhéadfar a chur ar fionraí faoi Airteagal 7(3) CAE, lena n-áirítear an ceart Uachtaránacht na Comhairle a shealbhú; a iarraidh ar Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha ('FRA') a cuid ionchuir a thabhairt le linn éisteachtaí Airteagal 7(1);

6. ag cur sonrú san easpa tionscnaimh nó gníomhaíochta éifeachtaí ón gCoimisiún, lena n-áirítear i bhfoirm gníomhaíochtaí um shárú, chun aghaidh a thabhairt ar sháruithe nó ar neamhfheidhmiú dhlí an Aontais i réimsí na saoirse, na slándála agus an cheartais, in ainneoin fianaise go bhfuil staideanna ag dul in olcas i roinnt Ballstát; ag tabhairt dá haire go bhfuil iarrataí ar ghníomhaíocht a rinne an Pharlaimint arís agus arís eile gan freagra; á mheas, dá bhrí sin, gur gá modhanna na Parlaiminte a neartú chun grinnscrúdú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an Choimisiúin maidir le faireachán a dhéanamh ar dhlí an Aontais agus é a fhorfheidhmiú;

7. ag tabhairt dá haire nach bhfuil aon bhunús dlí sna Conarthaí reachtaíocht a thabhairt isteach chun na luachanna comhchoiteanna a leagtar amach in Airteagal 2 CAE a chosaint agus a chur chun cinn mar gheall ar an easnamh sin go bhfuil an tAontas an-teoranta ó thaobh sásraí oiriúnacha agus éifeachtacha a chruthú chun bagairtí agus

---

[3].Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Eanáir 2020 maidir le héisteachtaí leanúnacha faoi Airteagal 7(1) CAE i ndáil leis an bPolainn agus an Ungáir (2020/2513(RSP)); Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 5 Bealtaine 2022 maidir le héisteachtaí leanúnacha faoi Airteagal 7(1) CAE i ndáil leis an bPolainn agus an Ungáir (2022/2647(RSP)).

[4].Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Eanáir 2020 maidir le héisteachtaí leanúnacha faoi Airteagal 7(1) CAE i ndáil leis an bPolainn agus an Ungáir (2020/2513(RSP)).

[5].Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Deireadh Fómhair 2020 maidir le Sásra AE um an Daonlathas, an Smacht Reachta agus Cearta Bunúsacha a bhunú (2020/2072(INI).

sáruithe náisiúnta ar na luachanna comhchoiteanna a chur ina gceart; á mheas go bhfuil sé ríthábhachtach chun go gcosnófar cách go bhfuil sé de chumas ag an Aontas aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar aon chúlú daonlathach sna Ballstáit; á iarraidh go n-áireofaí foráil lena gcuirfí ar chumas an Aontais, tríd an ngnáthnós imeachta reachtach, sásraí nua a thabhairt isteach chun faireachán agus measúnú struchtúrach a dhéanamh ar na forbairtí maidir le luachanna Airteagal 2 CAE i ngach Ballstát agus maidir lena bhforfheidhmiú; ba cheart a áireamh sna sásraí sin tuarascálacha bliantúla ina ndéantar measúnú i dtaobh an raibh easnaimh ann, an raibh baol ann go ndéanfaí sárú tromchúiseach nó an ndearnadh sárú iarbhír ar luachanna Airteagal 2 CAE i ngach ceann de na Ballstáit, moltaí tír-shonracha a bhfuil spriocdhátaí cur chun feidhme ag gabháil leo, spriocanna agus gníomhaíochtaí nithiúla atá le déanamh chomh maith le tagarmharcanna chun dul chun cinn a thomhas, agus an chaoi chun iad a nascadh leis na bearta forfheidhmithe ábhartha; á mheas gur cheart go gceadófaí, leis an bhforáil sin, tuilleadh sásraí forfheidhmiúcháin a bhunú, lena n-áirítear bearta iomchuí airgeadais atá le déanamh ag an gComhairle ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, amhail gealltanais agus íocaíochtaí a chur ar fionraí, agus freisin i gcásanna nach bhfuil aon nasc díreach le bainistíocht fhónta airgeadais bhuiséad an Aontais nó le cosaint leasanna airgeadais an Aontais; á thabhairt chun suntais go rannchuideoidh bunú an tsásra sin le muinín fhrithpháirteach idir na Ballstáit a threisiú, agus ar an gcaoi sin feabhas a chur ar fheidhmiú phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh;

8. á iarraidh go ndéanfaí an Chairt um Chearta Bunúsacha a áireamh mar an dara caibidil den Chonradh ar an Aontas Eorpach chun go mbeidh cearta agus saoirsí bunúsacha ina ngné níos lárnaí sna Conarthaí bunaidh; á iarraidh go ndéanfaí foráil chothrománach um chearta bunúsacha atá comhchosúil le hAirteagail 8, 9 agus 10 de Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) a áireamh sna Conarthaí, ionas go ndéanfar príomhshruthú ar oibleagáid chothrománach an Aontais chun gné na gceart bunúsach a ionchorprú sna beartais uile ar gach leibhéal agus ag gach céim ar bhealach níos sainráite agus ar an gcaoi sin ag cur de cheangal ar na comhreachtóirí chomh maith le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus na Ballstáit urraim a thabhairt do chearta bunúsacha an Aontais agus a gcur i bhfeidhm a chur chun cinn ina gcuid gníomhaíochtaí go léir agus dlí an Aontais á chur chun feidhme acu; á mheas gur gá, ina theannta sin, é a dhéanamh éigeantach d’institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais sásraí faireacháin um chearta bunúsacha agus clásail mheastóireachta ghaolmhara a cur san áireamh, ar cheart spriocanna agus tagarmharcanna soiléire a bheith iontu, go háirithe agus iad i mbun reachtaíochta i réimsí beartais atá íogair ó thaobh cearta bunúsacha de, lena n-áirítear réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais (príomhshruthú feabhsaithe um chearta bunúsacha);

9. á mheabhrú go dtéann ionchais na saoránach, mar a cuireadh in iúl ag an gComhdháil, thar an léirmhíniú docht ar an gcéad mhír d’Airteagal 51 den Chairt um Chearta Bunúsacha ar dá réir nach bhfuil feidhm ag an gCairt maidir leis na Ballstáit ach amháin nuair a bhíonn dlí an Aontais á chur chun feidhme acu, agus gur cheart gurbh é an cuspóir a bheadh ann cearta bunúsacha a dhéanamh chomh héifeachtach agus is féidir; á iarraidh, dá bhrí sin, go ndéanfaí raon feidhme na Cairte um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh maidir leis na Ballstáit a leathnú; á mheas, chuige sin, gur cheart Airteagal 51(1) den Chairt a athbhreithniú ionas go luaitear ann gur cheart go gcosnófaí daoine faoi na cearta a aithnítear sa Chairt nuair a fheidhmíonn na

Ballstáit laistigh de raon feidhme inniúlacht de chuid an Aontais, bíodh siad eisiach nó comhroinnte, *fiú mura bhfuil inniúlacht den sórt sin feidhmithe fós ag an Aontas;*[6]

10. á iarraidh go ndréachtófaí Reacht um Shaoránacht Eorpach, lena gcuirfí cearta agus saoirsí a bhaineann go sonrach le saoránaigh ar fáil, rud a d'fhágfadh go mbeadh luachanna agus cearta Eorpacha níos inláimhsithe do shaoránaigh an Aontais;

11. á chur i bhfios go ndeonaítear saoránacht AE ar bhonn náisiúntacht Ballstáit, rud a chuireann srian ar rochtain ar na cearta atá ann do náisiúnaigh neamh-AE atá ina gcónaí ar chríoch AE, amhail náisiúnaigh tríú tír a bhfuil stádas cónaithe fadtéarma acu; á iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú ar Airteagal 20 CFAE trí mhír 20(2a) nua a thabhairt isteach ina luaitear, gan dochar d'inniúlacht na mBallstát saoránacht a dheonú, gur cheart teachtadh na gceart a luaitear faoi Airteagal 20(2) a leathnú chuig náisiúnaigh neamh-AE atá ina gcónaí ar chríoch AE, lena n-áirítear náisiúnaigh tríú tír a bhfuil stádas cónaithe fadtéarma AE acu; á iarraidh go gcuirfí toirmeasc sna Conarthaí ar na scéimeanna 'saoránacht de réir infheistíochta' sin trína ndéantar saoránacht náisiúnta, mar aon le saoránacht AE, a thairiscint do náisiúnaigh tríú tír mar mhalairt go príomha ar bhreithnithe airgeadais;

12. ag tabhairt dá haire nach dtugann roinnt Ballstát an ceart dá saoránaigh a bhfuil cónaí orthu i mBallstáit eile vótáil i dtoghcháin náisiúnta; á mheas go bhfuil sé contrártha le luachanna daonlathacha na hEorpa go ndéantar, mar thoradh air sin, a gceart vótála a bhaint de na saoránaigh AE sin as a gceart bunúsach chun saorghluaiseachta a fheidhmiú faoi dhlí AE; á iarraidh go ndéanfar an prionsabal go bhfuil an ceart vótála ag gach saoránach AE i dtoghcháin áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus Eorpacha a chumhdach sna Conarthaí;

13. á iarraidh go mbunófaí FRA mar údarás neamhspleách um chearta an duine, cosúil le hinstitiúidí náisiúnta um chearta an duine agus i gcomhréir le Prionsabail Pháras ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe 1993, chun an Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a chosaint agus a chur chun cinn sna beartais agus sna cleachtais ar fad ó institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, agus ó na Ballstáit agus dlí an Aontais á chur chun feidhme acu; á mheas go n-éilíonn sé sin bunús dlí sna Conarthaí chun Údarás an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha a bhunú, lena gcumhdaítear a neamhspleáchas agus lena dtugtar isteach an gnáthnós imeachta reachtach chun a shainordú a ghlacadh agus a leasú; á iarraidh go mbeadh an tÚdarás nua sin i dteideal caingne a thionscnamh faoi Airteagal 263 CFAE mar gheall ar shárú ar an gCairt; á iarraidh go leathnófaí a shainordú, lena n-áirítear an chumhacht chun gearáin a láimhseáil agus comhairliúchán éigeantach ag an gCoimisiún le FRA agus tograí le haghaidh gníomhartha reachtacha nó moltaí á n-ullmhú a bhfuil tionchar acu ar chearta bunúsacha;

14. á mheas gur gá an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a bheith i dteideal caingne a thabhairt faoi Airteagal 263 CFAE mar gheall ar shárú ar an gceart chun sonraí a chosaint;

15. á iarraidh go dtabharfaí isteach inniúlacht nua comhroinnte de chuid an Aontais in

---

[6] I bhfianaise thuairim AG Sharpston an 30 Meán Fómhair 2010 i gCás C-34/09, *Zambrano*.

CFAE chun creat dlíthiúil éifeachtach a bhunú i gcoinne na bréagaisnéise;

16. á chur in iúl gur oth léi go mór nach bhfuil reachtaíocht chothrománach de chuid an Aontais maidir le prionsabal na córa comhionainne a chur chun feidhme idir daoine gan beann ar reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh glactha fós ó thogra 2008 ón gCoimisiún, mar gheall ar bhac ag leibhéal na Comhairle, in ainneoin é a bheith iarrtha go mion minic ag Parlaimint na hEorpa; á mheas, dá bhrí sin, go bhfuil gá le gníomhaíocht AE chun idirdhealuithe a chomhrac ar bhonn Airteagal 19 CFAE i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, chun íosleibhéal aonfhoirmeach cosanta a áirithiú laistigh den Aontas do dhaoine a ndéantar idirdhealú orthu; á iarraidh go gcumhdófar le hAirteagal 19 CFAE freisin forais maidir le hinscne, féiniúlacht inscne, léiriú inscne nó saintréithe gnéis, bunús sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, tuairim pholaitiúil nó aon tuairim eile, ballraíocht de mhionlach náisiúnta, maoin agus breith, chomh maith le leithcheal trasnach;

17. Á iarraidh go n-áireofaí, in Airteagal 8 CFAE, tagairt do neamhionannais inscne agus oibleagáid ar an Aontas díriú ina bheartais éagsúla ar gach cineál foréigin inscnebhunaithe a chomhrac, lena n-áirítear trí gach beart is gá a dhéanamh chun na gníomhartha coiriúla sin a chosc agus a phionósú agus chun tacú leis na híospartaigh agus iad a chosaint;

18. á iarraidh go dtabharfaí isteach in Airteagal 10 CFAE forais inscne, féiniúlacht inscne, léiriú inscne nó saintréithe gnéis, agus gach foras eile a luaitear in Airteagal 21(1) den Chairt, eadhon, dath, airíonna géiniteacha, teanga, tuairim pholaitiúil nó aon tuairim eile, ballraíocht de mhionlach náisiúnta, maoin agus breith, chun idirdhealú a chomhrac agus a bheartais agus a ghníomhaíochtaí á sainiú agus á gcur chun feidhme aige;

19. á iarraidh go n-áireofaí in Airteagal 21(1) den Chairt, inscne, féiniúlacht inscne, léiriú inscne agus saintréithe gnéis, chun idirdhealú ar na forais sin a thoirmeasc freisin go sainráite;

20. á thabhairt chun suntais go n-áirítear go sainráite in Airteagal 2 CAE na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad i measc phrionsabail bhunreachtúla an Aontais; á iarraidh go ndéanfaí gníomhaíochtaí, lena n-áirítear reachtaíocht AE, chun daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad a chosaint agus chun cultúir agus teangacha na mionlach traidisiúnta náisiúnta agus teanga a chosaint (Leasú 26 PPE); á iarraidh, thairis sin, ar an Aontas aontú don Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh agus don Chreat-Choinbhinsiún maidir le Mionlaigh Náisiúnta a Chosaint;

21. á mheas gur gá an ceart chun rochtain a fháil ar shláinte ghnéis agus atáirgthe agus ar chearta gnéis agus atáirgthe a áirithiú do chách ar fud AE; á iarraidh go n-áireofaí, in Airteagal nua den Chairt um Chearta Bunúsacha, an ceart atá ag cách chun féinriar colainne, chun rochtain shaor agus eolach a fháil ar shláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe agus ar na seirbhísí cúraim sláinte uile a bhaineann leo gan idirdhealú, lena n-áirítear ar ghinmhilleadh sábháilte agus dlíthiúil; á iarraidh go gcuirfí "ábhair imní choiteanna maidir le sábháilteacht i gcúrsaí sláinte poiblí agus sláinte an duine a chosaint, lena n-áirítear sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe" in ionad Airteagal 4(2)(k) CFAE;

22. á iarraidh go n-áireofaí an sprioc aeráide in Airteagal 37 den Chairt um Chearta Bunúsacha;

23. á iarraidh go ndéanfaí bearta a bhaineann le dlí teaghlaigh a bhfuil impleachtaí trasteorann acu a ghlacadh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach;

**Beartais maidir le Seiceálacha teorann, le Tearmann agus le hInimirce**

24. á athdhearbhú gurb ann do na cuspóirí agus na prionsabail ghinearálta a bhfuil na comhbheartais ar theorainneacha, tearmann agus inimirce bunaithe orthu sna Conarthaí, amhail an tsaorghluaiseacht gan seiceálacha teorann inmheánach a bheith ann agus bainistiú éifeachtach comhtheorainneacha faoi Airteagail 67, 77 agus 79(2)(b) CFAE, *non-refoulement* faoi Airteagal 78(1) CFAE, caitheamh go cothrom le náisiúnaigh tríú tíortha, an comhrac i gcoinne na himirce neamhrialta agus na gáinneála ar dhaoine, nó prionsabal na dlúthpháirtíochta agus na comhroinnte córa freagrachta i measc na mBallstát faoi Airteagal 80 CFAE, rud ar cheart a úsáid mar bhunús comhlántach dlí le haghaidh reachtaíochta faoin gcaibidil sin den Chonradh;

25. á chreidiúint gur bonn fónta iad chun freagairt do ghlaonna ó shaoránaigh a cuireadh in iúl ag an gComhdháil[7] lenar áiríodh ról an Aontais a neartú maidir leis an imirce dhleathach, leis an tearmann agus aghaidh a thabhairt ar an imirce neamhrialta, gáinneáil ar dhaoine a chomhrac, agus maidir le bainistiú cuí ar chomhtheorainneacha an Aontais, agus na cearta bunúsacha á n-urramú, chomh maith le hathchóiriú an chomhchórais Eorpaigh tearmainn agus chun rialacha comhchoiteanna a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach sna Ballstáit maidir le glacadh imirceach agus beartais lánpháirtíochta a fheabhsú i ngach Ballstát;

26. á chur i bhfáth, áfach nach bhfuil an ghníomhaíocht ar leibhéal an Aontais iomlán go fóill go príomha mar gheall ar an éagothromaíocht i measc na gcomhreachtóirí; á mholadh, dá bhrí sin, go mbainfeadh an gnáthnós imeachta reachtach le beartais uile an Aontais maidir le seiceálacha teorann, le tearmann agus le hinimirce, lena n-áirítear meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na mbeartas sin (Airteagal 70 CFAE); á iarraidh go roinnfí tuilleadh inniúlachtaí idir AE agus na Ballstáit chun na cuspóirí a leagtar amach i gCaibidil II de Theideal V CFAE a shaothrú agus lánurraim á tabhairt do phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta, lena n-áirítear maidir le bearta lánpháirtíochta, nach gcumhdaítear faoi láthair cé go bhfuil lánpháirtiú agus cuimsiú náisiúnach tríú tír bunriachtanach do rath na n-iarrachtaí chun rialacha comhchoiteanna a fhorbairt maidir lena dteacht chuig AE agus a bhfanacht ann agus ar cuid lárnach é de chur chun feidhme an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn;

**Comhar breithiúnach in ábhair choiriúla agus comhar póilíneachta**

27. á chreidiúint go gcuirfeadh bearta reachtacha de chineál cothrománach lena dtionscnaítear prionsabail lena mbunaítear íoschaighdeáin i ndlí coiriúil AE le muinín fhrithpháirteach idir na Ballstáit, rud a d'fhágfadh go mbeadh comhar breithiúnach níos éifeachtúla ann agus prionsabal na coimhdeachta á urramú ag an am céanna; á iarraidh go dtabharfaí isteach inniúlacht de chuid an Aontais in Airteagal 82 CFAE chun

[7] Moltaí Uimh. 41 go 45, féach https://www.europarl.europa.eu/resources/library/media/20220509RES29121/20220509RES29121.pdf

íoschaighdeáin a bhunú maidir le coinníollacha coinneála agus coimeádta réamhthrialacha, agus íoschaighdeáin maidir le hinghlacthacht fianaise, agus lánurraim á tabhairt don cheart chun triail chóir a fháil in imeachtaí coiriúla; á iarraidh go leasófaí Conarthaí chun cásdlí CBAE a chódú maidir le teorannú, i gcásanna eisceachtúla, ar aitheantas frithpháirteach breithiúnas agus cinntí breithiúnacha arna n-eisiúint ag Ballstát ina bhfuil easnaimh shistéamacha nó ghinearálaithe a dhéanann difear do chóras breithiúnach an Bhallstáit sin;

28. á iarraidh go mbeadh rannpháirtíocht níos láidre ag an bParlaimint faoin nós imeachta reachtach speisialta d'Airteagal 83(1) CFAE, a bhaineann le réimsí nua coireachta fíorthromchúisí a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo a shainaithint; á iarraidh go gcuirfí an choireacht chomhshaoil, an fhuathchoireacht agus an fhuathchaint agus an foréigean inscnebhunaithe san áireamh sa liosta 'Coireanna Eorpacha'.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 6.2.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 35<br>–: 18<br>0: 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Konstantinos Arvanitis, Katarina Barley, Theresa Bielowski, Karolin Braunsberger-Reinhold, Patrick Breyer, Annika Bruna, Lena Düpont, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Cornelia Ernst, Maria Grapini, Evin Incir, Sophia in 't Veld, Patryk Jaki, Fabienne Keller, Łukasz Kohut, Moritz Körner, Alice Kuhnke, Jeroen Lenaers, Juan Fernando López Aguilar, Lukas Mandl, Erik Marquardt, Javier Moreno Sánchez, Maite Pagazaurtundúa, Paulo Rangel, Diana Riba i Giner, Isabel Santos, Tineke Strik, Ramona Strugariu, Milan Uhrík, Tom Vandendriessche, Elena Yoncheva, Javier Zarzalejos |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Susanna Ceccardi, Gwendoline Delbos-Corfield, José Gusmão, Dietmar Köster, Alessandra Mussolini, Matjaž Nemec, Janina Ochojska, Anne-Sophie Pelletier, Thijs Reuten, Axel Voss |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Aurélia Beigneux, Milan Brglez, Katalin Cseh, Marie Dauchy, Paolo De Castro, José Manuel Fernandes, Tomasz Frankowski, Vlad Gheorghe, Martin Hojsík, Max Orville, Mounir Satouri |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 35 | + |
|---|---|
| S&D | Katarina Barley, Milan Brglez, Paolo De Castro, Maria Grapini, Evin Incir, Łukasz Kohut, Dietmar Köster, Juan Fernando López Aguilar, Javier Moreno Sánchez, Theresa Bielowski, Matjaž Nemec, Thijs Reuten, Isabel Santos, Elena Yoncheva |
| Renew | Katalin Cseh, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Vlad Gheorghe, Martin Hojsík, Sophia in 't Veld, Fabienne Keller, Moritz Körner, Max Orville, Maite Pagazaurtundúa, Ramona Strugariu |
| Verts/ALE | Patrick Breyer, Gwendoline Delbos-Corfield, Alice Kuhnke, Erik Marquardt, Diana Riba i Giner, Mounir Satouri, Tineke Strik |
| The Left | Konstantinos Arvanitis, Cornelia Ernst, Anne-Sophie Pelletier, Miguel Urbán Crespo |

| 18 | - |
|---|---|
| PPE | Karolin Braunsberger-Reinhold, Lena Düpont, José Manuel Fernandes, Tomasz Frankowski, Jeroen Lenaers, Lukas Mandl, Alessandra Mussolini, Janina Ochojska, Paulo Rangel, Axel Voss, Javier Zarzalejos |
| ID | Aurélia Beigneux, Annika Bruna, Susanna Ceccardi, Marie Dauchy, Tom Vandendriessche |
| ECR | Patryk Jaki |
| NI | Milan Uhrík |

| 0 | 0 |
|---|---|
| | |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh